Léirmhíniú agus Úsáid na dTorthaí ó Thrialacha Caighdeánaithe

Is féidir torthaí ó thrialacha caighdeánaithe a léirmhíniú agus a úsáid ag trí leibhéal éagsúl:



Ag leibhéal **Ranga Uile** is féidir breathnú ar na torthaí ar bhealach ginearálta agus ar bhealach diagnóiseach – ag déanamh anailísiú ar na torthaí ar bhealach a chuirfeadh eolas ar fáil don 'conas' agus don 'céard' in ár gcleachtas ranga agus an dá mhó seo ag cuidiú le dul i dtreo cinntí eolasasacha a dhéanamh ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim don rang uile.
Is iad seo a leanas roinnt de na ceisteanna a fhéadfaí a chur agus sinn ag breathnú ar chlárbhileog na dtorthaí don rang uile:

- Cé na daltaí atá laistigh de réimse meánach / faoi bhun an mheáin / os cionn an mheáin?
- Cé na daltaí a bhfuil gá acu le tacaíocht bhreise?
- Conas mar a chuideoidh na torthaí seo liom grúpáil mar is cuí a dhéanamh ar an rang? Grúpaí / Obair bheirte – Cé atá ábalta scafalú a dhéanamh ar dhuine eile? Cén taithí foghlama atá de dhíth ar na páistí seo?
- Céard iad na réimsí láidreachta don rang uile?
- Céard iad na reimsí deacrachta don rang uile?
    - foclóir? tuiscint? feasacht fhóineolaíoch?
- Céard is gá dom a athrú faoi mo chuid múinteoireachta?
- Cén aischothú is féidir liom a thabhairt don pháiste?

Ag an leibhéal **Aonair** is féidir breathnú le láidreachtaí agus laigí an dalta aonair a aimsiú a chruthóidh eolas do theagasc agus d'fhoghlaim an pháiste.
Is iad seo a leanas roinnt de ceisteanna a fhéadfaí a chur agus sinn ag breathnú ar leabhrán trialach an dalta:

- Cé na himpleachtaí atá ag na torthaí seo don dalta?
- Cé na réimsí lag / láidir atá aige / aici?
- An bhfuil an toradh seo ag teacht leis an tslí ina mbíonn ag éirí leis an bpáiste sa rang?
- Cén aischothú is féidir liom a thabhairt don dalta?
- Cé na heispéiris fhoghlama is féidir liom a phleanáil agus a chuirfidh le foghlaim an dalta?
- Conas mar atá an toradh seo i gcomparáid le torthaí cheana?

Is féidir an dá mhodh léirmhinithe seo a úsáid chun cur leis an gcleachtas **Scoile Uile**, ag ligint dúinn treoachtaí, pátrúin a bhíonn ag eascairt, nó na buanna agus na laigí scoile uile a aithint. Is é an 'mórphictiúr' seo is mó a bheidh fiúntach nuair a úsáidtear é don phleanáil scoile uile sa mhatamaitic agus sa litearthacht.